


# An Buiséad

## Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar thuirisc ar ball faoi réamh-mheastacháin Bhuiséad 2022, a rinneadh ar an Nuacht Dé Luain.



Cad atá ar eolas agat faoin scéal seo? Pléigh a bhfuil ar eolas agat leis an duine in aice leat.

## Ceist 2

Féach ar an mír den chéad uair agus pléigh ábhar na míre leis an duine in aice leat. An raibh na réamh-mheastacháin cruinn?

## Ceist 3

A. Féach ar an stór focal seo anois sula bhféachfaidh tú ar an mír den dara huair. Cén Ghaeilge atá ar na focail seo a leanas?

- social welfare payments \_\_\_\_\_
- allowance \_\_\_\_\_
- fuel allowance \_\_\_\_\_
- exportation \_\_\_\_\_
- aviation \_\_\_\_\_
- subsidy \_\_\_\_\_
- tax allowance \_\_\_\_\_
- carbon tax \_\_\_\_\_
- child care \_\_\_\_\_
- sector \_\_\_\_\_
- grants \_\_\_\_\_
- to attract \_\_\_\_\_
- budget \_\_\_\_\_

B. Anois, féach ar an mír arís agus scríobh amach abairt amháin bunaithe ar gach focal thuas. Ba cheart, mar sin, go scríobhfá 13 líne. Cuir do chuid abairtí i gcomparáid le habairtí an duine in aice leat.

**VIFAX 14 Deireadh Fómhair 2021**  
**Ardleibhéal**

**Ceist 4** Féach ar na hainmfhocail seo a bhí sa mhír. An bhfuil siad baininscneach nó firinscneach?

*íocaíocht, cáin, tacaíocht, ócáid, solúbthacht, oíche, earnáil, bliain, Gaeltacht, fostaíocht, turasóireacht, cáinainéis*

Athscríobh na hainmfhocail sna boscaí cuí anois sa tábla thíos agus an t-alt leo. Lean na samplaí atá déanta.

<i>an tsaoire (t ar s)</i>	<i>an ghruaim (séimhiú ar chonsan)</i>	<i>an amharclann (níl aon athrú ar ghuta)</i>	<i>an draíocht (dntls – “na dentals”)</i>
--------------------------------	--	---	---

**Ceist 5** *An saorbhriathar*

Tá naoi sampla den saorbhriathar le cloisteáil sa mhír. Éist go cúramach leis an tuairisc arís agus breac síos na samplaí sin. Cén aimsir lena mbaineann siad?

**Ceist 6** Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cén dóigh a gcuirfidh an buiséad isteach ar do shaol féin?
2. An gcuireann tú suim i gcúrsaí eacnamaíochta? Cén fáth?
3. Cé acu ab fhearr leat – airgead a chaitheamh nó airgead a shábháil? Mínigh.

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinnfear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

### Ceist 2

Iarr ar na foghlaimeoirí féachaint ar an mír den chéad uair gan aon réamhobair déanta acu ar an stór focal roimh ré.

### Ceist 3

A.

social welfare payments allowance	<i>íocaíochtaí leasa shóisialaigh</i>
fuel allowance	<i>liúntas</i>
exportation	<i>liúntas breosla</i>
aviation	<i>easpórtáil</i>
subsidy	<i>eitlíocht</i>
tax allowance	<i>fóirdheontas</i>
carbon tax	<i>liúntas cánach</i>
child care	<i>cáin charbóin</i>
sector	<i>cúram leanaí</i>
grants	<i>earnáil</i>
to attract	<i>deontais</i>
budget	<i>a mhealladh</i>
	<i>buiséad / cáinainnéis</i>

B.

Féach an script.

### Ceist 4

Tá na focail baininscneach.

<b>An tsráid</b> (t ar s) <i>an tsolúbthacht</i>	<b>An fhuinneog</b> (séimhiú ar chonsan) <i>an cháin</i> <i>an bhliain</i> <i>an Ghaeltacht</i> <i>an fhostaíocht</i> <i>an cháinainnéis</i>	<b>An áit</b> (níl aon athrú ar ghuta) <i>an íocaíocht</i> <i>an ócáid</i> <i>an oíche</i> <i>an eamáil</i>	<b>An dánlann</b> (dntls) <i>an tacaíocht</i> <i>an turasóireacht</i>

### Ceist 5

An saorbhriathar:

- tuigtear – an aimsir láithreach
- go gcuirfí – an modh coinníollach
- go leanfar – an aimsir fháistineach
- táthar – an aimsir láithreach
- go bhfógrófar – an aimsir fháistineach
- cuirfear – an aimsir fháistineach x 3
- fógrófar – an aimsir fháistineach

### Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### **Siún Nic Gearailt**

Dúirt an Tánaiste, Leo Varadkar, inniu go mbeidh ardú beag ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh, ar an liúntas saor ó cháin agus ardú ar thacaíochtaí do lucht gnó sa bhuiséad, a bheidh á fhógairt ag an rialtas amárach. Tuigtear go bhfuil cainteanna fós ar bun faoin liúntas breosla tráthnóna.

### **Sorcha Ní Riada**

Bhí an Tánaiste, Leo Varadkar, ag labhairt ag ócáid ar líne, eagraithe ag Fiontraíocht Éireann, le comhairle i dtaobh easpórtáil idirnáisiúnta a chur ar fáil dá gcuid cliantchomhlachtaí. Thug an Tánaiste le fios go gcuirfí tacaíochtaí ar fáil do ghnónna<sup>1</sup> buailte go dona toisc COVID-19, cosúil le comhlachtaí eitlíochta. Dúirt sé go leanfar leis na tacaíochtaí cosúil leis an Scéim Fóirdheontais Pá.

Tá a fhios againn go bhfuil solúbthacht ag an rialtas maidir le billiún euro go leith. Billiún le caitheamh ar thacaíochtaí a chur ar fáil agus cúig chéad milliún ar chúrsaí cánach. Táthar ag súil le harduithe beaga ar liúntas cánach agus íocaíochtaí leasa shóisialaigh le hardú beagán leis.

Tá sé geallta cheana féin cáin charbóin a ardú go €30 an tonna faoi dheireadh 2029, mar sin is féidir a bheith cinnte go bhfógrófar €7.50 sa bhreis air sin sa bhuiséad, le harduithe ar pheitreal agus díosal le titim amach meán oíche amárach. Cuirfear tacaíochtaí ar fáil le cabhrú le cúram leanaí agus le tacú le pá agus coinníollacha d'oibríthe san earnáil úd, chomh maith le cúram dochtúra saor in aisce a chur ar fáil do pháistí suas go seacht mbliana d'aois, in áit sé bliana mar atá sé faoi láthair. Cuirfear na céadta cúntóirí breise ar fáil do dhaltaí le riachtanais speisialta agus arduithe ar dheontais do mhic léinn tríú leibhéal chomh maith.

Mar aon leis sin cuirfear céad milliún euro ar fáil le caitheamh ar chúrsaí turasóireachta. D'fhoilsigh Sinn Féin moltaí inniu le tacú le cúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta.

### **Pearse Doherty, TD, Sinn Féin**

Mar pháirt lárnach de sin tá 3 mhiliún déag de bhuiséad sa bhreis d'Údarás na Gaeltachta le deis a thabhairt daofasan níos mó a dhéanamh sa Ghaeltacht agus níos mó fostaíochta a mhealladh isteach sa Ghaeltacht. Beidh muid ag cur i bhfeidhm arís, Scéim Labhairt na Gaeilge le €500 do gach páiste réamhscoile agus ar scoil, a bhfuil an Ghaeilge ar a gcumas acu<sup>2</sup>. Agus, níos mó airgid fosta d'earnálacha<sup>3</sup> cosúil le Foras na Gaeilge agus do mhná tí.

### **Sorcha Ní Riada**

Fógrófar an cháinainnéis ag am lóin amárach.

Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4 i dTeach Laighean.

---

<sup>1</sup> gnólachtaí an leagan caighdeánach

<sup>2</sup> atá an Ghaeilge ar a gcumas acu a dúradh

<sup>3</sup> d'earnáil a dúradh